

PPTC

Grúpa Aistrithe Iarbhunscoileanna

Matamaitic Shamplach

LEABHRÁN TAITHÍOCH

**MAR EOLAS AMHÁIN
NÁ hÚSÁIDTEAR AN SAMPLA.**

Teist Shamplach Chleachta

1

89p atá ar chadhnraí.

Cá mhéad atá ar 7 gcadhnra?

A £7.83

B 96p

C £6.23

D £5.63

E £6.41

2

19°C an teocht atá i seomra ar 9 a.m.
Ardaíonn an teocht faoi 2°C gach uair an chloig.

Cad é an teocht ar 12 meán lae?

A 21°C

B 23°C

C 24°C

D 25°C

E 27°C

3

Cé acu de na cúig litir mhóra a bhfuil dhá líne shiméadrachta iontu?

I

K

U

Y

W

A

B


C

D

E

Cuirfear freagraí na gceisteanna thuas ar fáil, chomh maith le míniúcháin ar cad chuige a bhfuil an freagra ceart, sula rachaidh na daltaí ar aghaidh.

4



Cá mhéad cipín atá de dhíth leis an chéad chruth eile sa seicheamh seo a dhéanamh?

- A** 33 **B** 36 **C** 27 **D** 48 **E** 30

5

Cé acu de na coimeádáin seo a choinníonn thart faoi 5 lítear?

- A** taephota
B buicéad
C buidéal bainne
D cupán tae
E spúnóg thae

6

Bhí 400 dalta ag lá spóirt na scoile.

Rith $\frac{1}{5}$ acu sa rás sealaíochta.

Cá mhéad dalta é seo?


- A** 100 **B** 40 **C** 50 **D** 80 **E** 25

Leanfaidh daltaí ar aghaidh leis an teist chleachta le trí cheist eile.



Príomhtheist Shamplach

1



Cé acu de na ráitis seo atá ceart?

- A** Is líne cheartingearach í Líne P.
- B** Is líne chothrománach í Líne R.
- C** Tá líne Q ingearach le Líne P.
- D** Tá líne S comhthreomhar le Líne T.
- E** Tá líne T ingearach le Líne Q.

2

Thug garraíodóir aire do 100 gairdín.
Chuir sí 412 planda i ngach gairdín.

Cá mhéad planda a chuir sí san iomlán?

- A** 512
- B** 40,012
- C** 41,200
- D** 41,012
- E** 4120

3

3	6	9
6	?	12
9	12	15

Cad é an uimhir atá ar iarraidh?

- A** 15 **B** 3 **C** 9 **D** 12 **E** 6
-

4

Bhí an múinteoir ag cur leabhair scoile i mboscaí.
Choinnigh gach bosca 48 leabhar.

Cá mhéad bosca a bhí de dhíth do 960 leabhar?

- A** 912 **B** 20 **C** 1008 **D** 40 **E** 46,080
-

5

Seo iad míonna na bliana:

Eanáir	Feabhra	Márta
Aibreán	Bealtaine	Meitheamh
Iúil	Lúnasa	Meán Fómhair
Deireadh Fómhair	Samhain	Nollaig

Cén codán de na míonna a thosaíonn le M?

- A** $\frac{1}{3}$ **B** $\frac{1}{4}$ **C** $\frac{1}{6}$ **D** $\frac{1}{8}$ **E** $\frac{1}{12}$
-

6

Cheannaigh mé 8 bpaca beag milseán.
Thug an siopadóir briseadh 28p dom ó £1.

Cá mhéad a bhí ar gach paca milseán?

A 8p

B 14p

C 12p

D 9p

E 72p

Leanfaidh daltaí ar aghaidh agus déanfaidh siad 39 ceist eile.

Copyright © GL Assessment Limited, 2021.

GL Assessment Limited owns all intellectual property rights in the publication. GL Assessment Limited reserves all of its rights in the publication, including translation.

Published by GL Assessment, 1st Floor, Vantage London, Great West Road, Brentford TW8 9AG.



Code 6860 004
3(08.21) PF